Docusign Envelope ID: E9E3202B-255E-4009-A889-3A3DF5DFDFB5

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 16 Nollaig 2024

TG4 Baile na hAbhann.

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí Muireann Ní Chíobháin ar Zoom agus na comhaltaí eile i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí na Samhna

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

*5.1.1* *Buiséad 2025:* Dúradh go raibh Buiséad 2025 curtha le chéile agus le cur i láthair don mbord.

*5.1.2* *Roinn na Meán:* Thug an t-Ard-Stiúrthóir le fios gur fhreastail sé ar chruinniú a thionóil an Roinn leis an FoMC Stakeholder Forum. Dúradh gur déanadh tagairt do mholadh 7.1 a bhaineann le Nuacht TG4 agus go ndúirt CnaM go mbeidís i dteagmháil le TG4 gan mhoill maidir leis an mbealach chun cinn.

Ó shin, chas an Ard-Stiúrthóir le Stiúrthóir na Meán Seirbhíse Poiblí i gCnaM ar an 11 Nollaig. Thug sí le fios ag an chruinniú sin go mbeadh

Docusign Envelope ID: E9E3202B-255E-4009-A889-3A3DF5DFDFB5

plean céimnithe thar thréimhse 3 bliana le réiteach chun neamhspleáchas eagarthóireachta a bhaint amach. D'iarr an bord go gcuirfí eolas ar fáil don chéad chruinniú Boird eile a thabharfadh léargas ar an bPrótacal le RTÉ mar atá faoi láthair.

5.1.3 *Coimisiún na Meán – Athbhreithniú ar na Meáin Ghaeilge:* Dúradh go raibh tús curtha ag Coimisiún na Meán leis an 'Athbhreithniú Cuimsitheach' ar na meáin Ghaeilge atá molta ag an FoMC, faoi stiúir UCD. Dúradh go raibh súil go mbeidh tuairisc curtha le chéile acu faoi Q2 2025 agus go mbeadh an-tionchar ag torthaí na hoibre seo ar thodhchaí TG4.

Cuireadh in iúl don bhord gur thug grúpa ó UCD cuairt ar TG4 ar an 21 Samhain. Chas siad le Bainistíocht TG4 agus rinneadh cur i láthair dóibh faoi 'Cúlra Físe agus Straitéis TG4'; faoi lucht féachana TG4 agus faoi 'Nuacht TG4, Molscéal agus BLOC'. Cuireadh cóip den chur i láthair ar fáil don bhord.

## 5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht, Cartlann.

*5.2.1 VÓTA 2024*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go rabhthas an-sásta leis an gclúdach a rinne Nuacht TG4 ar an olltoghchán. Mhol sé an obair fhoirne agus ghabh sé buíochas le gach duine a chabhraigh ar bhealach ar bith. Dúirt sé go raibh an t-ábhar a chraol TG4 ar an lá, agus sna trí seachtainí den fheachtas, thar a bheith gairmiúil, paiteanta agus snasta, agus gur léiriú é ar cumas atá ar fáil d'iriseoireacht na Gaeilge.

5.2.2 *Pleananna coimisiúnaithe do 2025:* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go raibh foireann choimisiúnaithe ag leagan amach buiséad na bliana agus go raibh súil babhta coimisiúnaithe aonair a fhógairt do 2025 a bheas maoinithe 100% ag TG4 rud a bheadh an-mhaith don earnáil neamhspleách go háirithe comhlachtaí beaga nach bhfuil conradh ollsoláthair acu. Dúradh go mbeadh sraitheanna á lorg do phríomhsceideal TG4 chomh maith le cláracha do Cúla4. Dúradh go mbeadh an babhta le fógairt roimh Nollaig, agus cinntí déanta faoi thús na Bealtaine.
Thagair an tArd-Stiúrthóir freisin do Lá na léiritheoirí a bhí socair ag an ILBF i mBéal Feirste i Mí Eanáir agus ceann ag TG4 i Mí Feabhra mar a mbeadh seans ag na léiritheoirí casadh leis na heagarthóirí coimisiúnaithe agus le foireann TG4.

Docusign Envelope ID: E9E3202B-255E-4009-A889-3A3DF5DFDFB5

Dúradh go raibh Babhta 6 de Cine4 dúnta agus á mheas faoi láthair. Agus Babhta 55 CnaM S&V dúnta freisin.

*5.2.3* *Crá*: Mhol an Ard-Stiúrthóir an tsraith drámaíochta 'Crá,' comhléiriú idir TG4 agus BBC NI, a seoladh ag Oireachtas na Samhna agus san Ulster Museum. Dúradh go raibh ag éirí thar cionn leis, i measc an lucht féachana agus léirmheastóirí, agus go raibh ráchairt mhór air ar an BBC iPlayer.

*5.2.4 Gradam LMÉ: MLI Awards*: Tugadh le fios go raibh ócáid bhronnta i Virgin Media i Mí na Samhna ar na Gradaim seo a thugann aitheantas don obair ata ar siúl chun cuidiú le scileanna litearthachta sna meáin a fhorbairt. Dúradh gur bronnadh Gradam Aitheantais Speisialta ar Mháire Aoibhinn Ní Ógáin mar aitheantas ar a cuid oibre le Litearthacht sna Meáin a cur chun cinn. Bronnadh teastas freisin ar TG4 a bhí ar an ngearrliosta don Ghradam don Tionscnamh Litearthachta Meán Cumarsáide.

**5.3 Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

*5.3.1* *Acmhainní Daonna:* Cuireadh in iúl go raibh obair déanta ag breathnú ar rólanna nua do 2025 agus go mbeadh sin san áireamh san eolas buiséid TG4 do 2025.

5.3.2 *Togra Alt-Edic*: Míníodh gur iarr Roinn na Gaeltachta ar TG4 a bheith páirteach i gconsortium atá ag plé leis an togra Alt-Edic (togra Eorpach bunaithe ar Large Language Models). Deimhníodh gur éirigh leis an iarratas agus go bhfuil comhaontú aontaithe ag TG4 le Alt-Edic agus go raibh obair ar bun leis an Roinn, leis an Údarás agus le coláistí tríú leibhéil maidir le AI na Gaeilge a fhorbairt.

*5.3.3* *Adapt-DCU:* Dúradh gur fhreastail TG4 ar chruinniú le ionadaithe ó Adapt-DCU, I Mí na Samhna le plé a dhéanamh ar na féidearthachtaí togra comhpháirtíochta le uirlisí praiticiúla a bhunú a bhainfeadh úsáid as Sonraí Teanga & Teicneolaíocht Intleacht Shaorga (AI). Míníodh go raibh TG4 ag lorg bealaí praiticiúla le rochtain níos fearr a thabhairt ar ábhar - tríd tras-scríobh, fotheidil , tacar sonraí agus cuardach sonraí a éascú.

Docusign Envelope ID: E9E3202B-255E-4009-A889-3A3DF5DFDFB5

Bhí Ceannasaí Cartlainne TG4 páirteach i gCeardlann lae de chuid an European Language Data Space – faoi 'Sonraí Teanga chun seirbhísí a chumasú'.

**5.4 Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an mBord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Plean Rialtais:* Déanadh plé ar dheiseanna stocaireachta le deimhniú go mbeadh cás TG4 i gclár an rialtais nua. Dúradh go mbeadh an bord ag tapú aon deiseanna stocaireachta.

6.2 *Clúdach Vóta 2024:* Mhol an Cathaoirleach clúdach TG4 ar Vóta 2024. Dúradh gur tugadh clúdach an-mhaith agus léargas maith ó dháilcheantair ar fud na tíre. Moladh na tuairisceoirí ar an láthair, idir thuairisceoirí reatha agus thuairisceoirí nua, ar fad a rinne obair ar ard-chaighdeán.

6.3 *Babhtaí Coimisiúnaithe*: Dúirt an Cathaoirleach gur beartas dearfach é Babhta Coimisiúnaithe aonair a bheith le fógairt agus gur mhaith ann deis do chomhlachtaí beaga an doras a oscailt dóibh.

6.4 *Earcaíocht:* Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh ainm curtha ar aghaidh chuig an Roinn mar thoradh ar agallaimh don Ard-Stiúrthóir nua. Dúradh go mbeadh an ceapachán le faomhadh ag an rialtas agus nár dhóichí go dtárlódh san go théis na Nollag.

6.5 *Gradam LMÉ*: Thréaslaigh an Cathaoirleach le Máire Aoibhinn Ní Ógáin as a gradam LMÉ.

**7. Cuntais Mhí na Samhna 2024**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 do Mhí na Samhna. Mhínigh sí go raibh maoiniú forlíontach faighte agus pleanáil ar bun maidir leis sin. Dúirt sí gur chabhair mhór an maoiniú breise seo do TG4.

Glacadh leis na cuntais.

Docusign Envelope ID: E9E3202B-255E-4009-A889-3A3DF5DFDFB5

**8. Buiséad 2025**

Rinne an Stiúrthóir Airgeadais cur i láthair ar phlean Buiséid 2025. Leag sí amach an plean caiteachais reatha agus caiteachais caipitil agus thug léargas ar bhuiséid Cláracha & Forbartha, buiséid Fóirne, Margaíochta agus Forchostas. Míníodh go raibh méadú ar an % den bhuiséad a bhí ag dul i dtreo cláracha agus forbairt earnála agus ísliú ar % costas na fóirne agus barrchostais.

Moladh go ndéanfaí cúram de fhorbairt na h-earnála i gceantair Ghaeltachta agus sin a thuairisciú ag deireadh na bliana.

D'iarr an bord go ndéanfaí dian-scrúdú agus measúnú ar éilimh sula gcuirfí le líon fóirne in TG4. Iarradh go mbreathnófaí ar rátaí páigh in TG4 agus san earnáil le deimhniú go raibh siad i gcomhréir.

Glacadh leis an bhuiséad.

**9. Tuairisc Lucht Féachana**

Thug an Stiúrthóir Margaíochta achoimre ar an Lucht Féachana do Mhí Dheireadh Fómhair agus Mí na Samhna 2024. Dúradh go raibh TG4 ar an 8ú cainéal ba mhó féachana sa dá mhí sin. Is iad na cluichí Beo Spóirt ba mhó féachana. Bhí tóir freisin ar an tsraith nua le Hector, Ceolaireacht, Pobal na Páirce agus ar an tsraith Naíonra. Ar an seinnteoir, bhí ráchairt ar Naíonra agus Ros na Rún maraon leis an gclúdach Spóirt. I Mí na Samhna, d'éirigh an-mhaith leis an tsraith drámaíochta CRÁ. Bhí craolta ón Oireachtas ag teacht chun cinn freisin ar na Meáin Shóisialta agus i measc an chroí lucht féachana.

**10. Tuairisc GESG:**

Tugadh tuairisc don bhord ar an Straitéis Inbhuanaitheachta.

**11 Ceadú Cóid**

De réir dea-chleachtais boird, déanadh ath-cheadú ar na Cóid seo:
Cód Cleachtais & Eiticí do Fhostaithe agus Bord TG4.
Cód Cleachtais do Sholátharaithe Clár Coimisiúnaithe.

Nótáladh cúpla mionleasú agus ceadaíodh an dá Chód.

Docusign Envelope ID: E9E3202B-255E-4009-A889-3A3DF5DFDFB5

**12 Riarachán Boird**

12.1 Cuireadh leagan leasaithe de na Téarmaí Tagartha agus caipéis de Ábhar Forchoimeadta don Bhord ar fáil don bhord.
Aontaíodh an dá chaipéis.

12.2 Dátaí Cruinnithe 2025
Aontaíodh dátaí cruinnithe 2025.

12.3 Meabhraíodh go mbeadh deireadh ag teacht le tréimhse ceathrar de na comhaltaí boird reatha le linn 2025. Mhol an bord plean comharbais agus iniúchadh scileanna boird a ullmhú le comhaltaí nua a earcú.

12.4 Dúradh go raibh suirbhé sásaimh foirne curtha i gcrích i 2024 go gcuirfí na torthaí ar fáil don bhord.

**13. Dréacht-thuairisc na bliana 2024 ón Choiste Iniúchóireachta & Riosca**

Cuireadh dréacht den tuairisc bhliantúil agus dréacht phlean oibre do 2025 ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i láthair an bhoird.

**14 Gnó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó sa bhreis.

**15. Ceadú Conarthaí**

Nótáladh conarthaí idir €200k - €500k.

Tháinig an Coiste Ceadú Conarthaí le chéile (gan na comhaltaí eile i láthair). Bhí an Bainisteoir Coimisiúnaithe, Eagarthóir Coimisiúnaithe do Dhaoine Óga agus Feidhmeannach Airgeadais i láthair freisin.

Déanadh cur i láthair ar thorthaí na mBabhtaí Coimisiúnaithe Dubbála agus na conarthaí a bhí á moladh as sin.
Tugadh eolas maidir le conarthaí craolta Oireachtas 2024 agus Conraithe Ceannachán.

Ceadaíodh na conarthaí.

**16. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

Docusign Envelope ID: E9E3202B-255E-4009-A889-3A3DF5DFDFB5

**17. Léargas: Sceideal na Nollag**

Thug an Bainisteoir Sceidil, spléachadh don bhord ar Sceideal chlár na Nollag, ar TG4 agus ar Cúla4. Buaicphointe sceideal na Nollag ná an chéad taispeántas do An Cailín Ciúin ar TG4 ar Lá Nollag.

**Críoch**

DocuSigned by:

***Síniú*** Anna Ní Ghallachair ______________________________

1913C3940044407...

***Dáta*** 30.6.2025 ______________________________